Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6330/26**
**ADD 1**

**DELACT 30**
**AGRILEG 31**
**VETER 20**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Feabhra 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 766 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN<br>lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha i ndáil le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 766 annex.

Faoi iamh: C(2026) 766 annex

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 12.2.2026
C(2026) 766 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha i ndáil le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú**

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, IV go XII agus XV mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn I:

'*IARSCRÍBHINN I*

### SCRÚDUITHE CLINICIÚLA, NÓSANNA IMEACHTA SAMPLÁLA, MODHANNA DIAGNÓISEACHA DE GHALAIR CHATAGÓIR A AGUS IOMPAR SAMPLAÍ

(dá dtagraítear in Airteagal 3)

**A. Nósanna imeachta samplála**

**A.1 SAMPLÁIL AINMHITHE LE HAGHAIDH SCRÚDUITHE CLINICIÚLA**

1. Ní mór an méid seo a leanas a áireamh sna scrúduithe cliniciúla, más féidir:

(a) ainmhithe a bhfuil comharthaí cliniciúla de ghalair chatagóir A le feiceáil orthu;

(b) ainmhithe ar dócha go bhfuair siad bás le déanaí de bharr galar amhrasta nó deimhnithe de chatagóir A;

(c) ainmhithe a bhfuil nasc eipidéimeolaíoch acu le cás amhrasta nó deimhnithe de ghalar chatagóir A;

(d) ainmhithe a fuair torthaí deimhneacha nó neamhchonclúideacha i scrúduithe saotharlainne roimhe seo.

2. Ní mór na hainmhithe a bhfuil scrúdú le déanamh orthu a roghnú go randamach, i líon atá mór go leor chun gur féidir galar chatagóir A a bhrath, más ann dó, i gcás nach bhfuil aon chomhartha soiléir galair ná loit iarbháis ann a thugann le fios go bhfuil galair chatagóir A ann.

3. Ní mór na hainmhithe a bhfuil scrúdú le déanamh orthu agus an modh samplála a roghnú i gcomhréir le treoracha an údaráis inniúil, leis an bhfianaise eolaíoch ábhartha maidir leis an ngalar ábhartha de chatagóir A, agus leis an bplean teagmhasach ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 43 de Rialachán (AE) 2016/429. Ní mór do na hainmhithe a bhfuil scrúdú le déanamh orthu agus don mhodh samplála próifíl an ghalair a chur san áireamh, agus:

(a) cuspóir na samplála;

(b) na speicis liostaithe a choimeádtar sa bhunaíocht;

(c) an líon ainmhithe de speicis liostaithe a choimeádtar sa bhunaíocht;

(d) catagóir na n-ainmhithe ar coimeád;

(e) taifid táirgthe, sláinte agus inrianaitheachta na n-ainmhithe ar coimeád atá ar fáil agus atá ábhartha don imscrúdú;

(f) cineál na bunaíochta agus na cleachtais feirmeoireachta;

(g) leibhéal an riosca neamhchosanta agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

(i) an dóchúlacht go nochtfar é d'oibreán galair chatagóir A nó don veicteoir;

(ii) easpa imdhíonta na n-ainmhithe mar gheall ar vacsaíniú nó imdhíonacht ón máthair;

(iii) stair chónaithe na bunaíochta;

(h) sonraí eipidéimeolaíocha eile a bhaineann le hábhar.

4. Ní mór an líon íosta ainmhithe a bhfuil scrúdú le déanamh orthu a bheith i gcomhréir le treoracha an údaráis inniúil, agus leis an bplean teagmhasach ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 43 de Rialachán (AE) 2016/429. Ní mór do líon íosta na n-ainmhithe a bhfuil scrúdú le déanamh orthu próifíl ábhartha ghalar chatagóir A a chur san áireamh, agus go háirithe:

(a) leitheadúlacht an ghalair ábhartha de chatagóir A lena bhfuil coinne sa bhunaíocht;

(b) an leibhéal muiníne atá ag teastáil i dtorthaí an tsuirbhé, leibhéal nach féidir a bheith níos ísle ná 95 % in aon chás;

(c) caighdeáin idirnáisiúnta agus an fhianaise eolaíoch ábhartha don ghalar ábhartha de chatagóir A.

## A.2 SAMPLÁIL AINMHITHE LE HAGHAIDH SCRÚDUITHE SAOTHARLAINNE

1. Ní mór toradh na scrúduithe cliniciúla dá dtagraítear i bpointe A.1 a chur san áireamh sa tsampláil le haghaidh scrúduithe saotharlainne agus, más féidir, ní mór na hainmhithe dá dtagraítear i mír 1 de phointe A.1 a áireamh inti.

2. Mura bhfuil aon chomhartha follasach galair nó loit iarbháis ann a thugann le fios go bhfuil galair chatagóir A ann, ní mór samplaí a bhailiú go randamach i ngach aonad eipidéimeolaíoch den bhunaíocht agus ní mór a bheith in ann an galar ábhartha de chatagóir A a bhrath, más ann dó.

3. Ní mór na hainmhithe atá le sampláil, cineál na samplaí atá le bailiú agus an modh samplála a bheith i gcomhréir le treoracha an údaráis inniúil, leis an bhfianaise eolaíoch ábhartha maidir leis an ngalar ábhartha de chatagóir A, le sonraí agus treoraíocht ábhartha Shaotharlanna Tagartha an Aontais Eorpaigh (EURL) agus an Choimisiúin, agus leis an bplean teagmhasach ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 43 de Rialachán (AE) 2016/429. Ní mór do na hainmhithe atá le sampláil, cineál na samplaí atá le bailiú agus modh samplála phróifíl ghalair ábhartha chatagóir A agus na critéir a leagtar amach i mír 3 de phointe A.1 a chur san áireamh.

4. Ní mór an líon íosta ainmhithe atá le sampláil a bheith i gcomhréir le treoracha an údaráis inniúil, leis an bhfianaise eolaíoch ábhartha maidir leis an ngalar ábhartha de chatagóir A, le mionsonraí agus treoraíocht ábhartha EURL agus an Choimisiúin, agus leis an bplean teagmhasach ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 43 de Rialachán (AE) 2016/429. Ní mór an líon íosta ainmhithe atá le sampláil na critéir a leagtar amach i

mír 4 de phointe A.1 agus feidhmíocht na dtástálacha a úsáidtear a chur san áireamh.

5. I gcás ainmhithe fiáine, ní mór samplaí a bhailiú ó ainmhithe a lámhachtar, a fhaightear marbh nó atá sáinnithe d'aon ghnó nó ní mór iad a fháil ar bhonn modhanna neamhionracha amhail líreacáin salainn agus rópaí coganta nó baoití. Ní mór méid measta an daonra fhiáin agus na critéir ábhartha a leagtar amach i míreanna 3 agus 4 de phointe A.1 a chur san áireamh i líon íosta agus i gcineál na samplaí.

### A.3 SAMPLÁIL BUNAÍOCHTAÍ LE HAGHAIDH CUAIRTEANNA

Ní mór an rogha bunaíochtaí ina dtógfar na samplaí, an líon íosta bunaíochtaí a dtabharfar cuairt orthu agus an modh samplála a bheith i gcomhréir le treoracha an údaráis inniúil, leis an bhfianaise eolaíoch ábhartha maidir leis an ngalar ábhartha de chatagóir A, agus leis an bplean teagmhasach ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 43 de Rialachán (AE) 2016/429. Agus na bunaíochtaí ina dtógfar samplaí á roghnú agus an modh samplála á roghnú, ní mór an phróifíl ghalair ábhartha de chatagóir A agus na critéir a leagtar amach i mír 3 de phointe A1 a chur san áireamh.

### B. Modhanna diagnóiseacha

Na teicnící, na hábhair thagartha, a gcaighdeánú agus léirmhíniú thorthaí na dtástálacha a dhéantar trí úsáid a bhaint as na modhanna diagnóiseacha ábhartha le haghaidh ghalair chatagóir A, ní mór dóibh Airteagal 6 agus Cuid III d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 a chomhlíonadh.

Ní mór é a bheith d'aidhm ag an modheolaíocht dhiagnóiseach íogaireacht an fhaireachais a uasmhéadú. In imthosca áirithe, d'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis an bhfaireachas sin scrúduithe saotharlainne a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar nochtadh do ghalair roimhe sin.

### C. Samplaí a iompar

1. Ní mór na samplaí uile a thógtar chun láithreacht galair de chatagóir A a dheimhniú nó a chur as an áireamh a sheoladh, le lipéadú agus sainaithint chuí, chuig saotharlann oifigiúil atá curtha ar an eolas faoina dteacht. Ní mór na foirmeacha iomchuí a bheith ag gabháil leis na samplaí sin, i gcomhréir leis na ceanglais arna mbunú ag an údarás inniúil agus ag an tsaotharlann a fhaigheann na samplaí. Ní mór an méid seo a leanas ar a laghad a bheith sna foirmeacha sin:

   (a) bunaíocht tionscnaimh na n-ainmhithe sampláilte;

   (b) faisnéis maidir le speiceas, aois agus catagóir na n-ainmhithe sampláilte;

   (c) stair chliniciúil na n-ainmhithe, má tá sí ar fáil agus más ábhartha;

   (d) na comharthaí cliniciúla agus na torthaí iarbhháis;

   (e) aon fhaisnéis ábhartha eile.

2. Ní mór na samplaí uile:

   (a) a stóráil i gcoimeádáin agus i bpacáistí uisce-obacha agus dobhriste agus i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme;

(b) a choinneáil ag an teocht is iomchuí agus ag dálaí eile le linn iompair agus na tosca a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do cháilíocht an tsampla á gcur san áireamh.

3. Ní mór an taobh amuigh den phacáiste a lipéadú le seoladh na saotharlainne faighteora agus ní mór an teachtaireacht seo a leanas a thaispeáint go feiceálach:

‘Ábhar paiteolaíoch ainmhíoch; meatach; sobhriste; ná hoscail lasmuigh den tsaotharlann cinn scríbe.’

4. Ní mór an duine atá freagrach sa tsaotharlann oifigiúil a fhaigheann na samplaí a chur ar an eolas in am trátha faoi theacht na samplaí.’;

2. in IARSCRÍBHINN II, ceartaítear an tábla mar a leanas:

(a) sa ró maidir le hIonfhabhtú le *Mycoplasma mycoides subsp. mycoides SC* (Pliúrainiúmóine tógálach buaibheach) (CBPP), sa dara colún, cuirtear ‘90 lá’ in ionad na tréimhse faireacháin ‘45 lá’;

(b) sa ró le haghaidh fhiabhras na muc, sa dara colún, cuirtear ‘25 lá’ in ionad na tréimhse faireacháin ‘15 lá’;

3. Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘*IARSCRÍBHINN IV*

**NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE GLANADH, DÍGHALRÚ AGUS, NUAIR IS GÁ, RIALÚ FEITHIDÍ AGUS CREIMIRÍ**

(dá dtagraítear in Airteagail 12, 15, 16, 39, 45, 55 agus 57)’;

(b) i gCuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

‘(e) ní mór don díghalrán fanacht ar an dromchla cóireáilte ar feadh 24 uair an chloig ar a laghad, ach amháin má údaraíonn an t-údarás inniúil a mhalairt agus an t-am teagmhála íosta is gá á mheas mar atá sonraithe ag an monaróir;’;

(c) i bpointe C, i bpointe 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(i):

‘(i) déantar cóireáil gaile orthu ag teocht 70 °C ar a laghad ar feadh íostréimhse 60 nóiméad;’;

(d) i bpointe C, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

‘3. Tar éis 7 lá, nó níos luaithe ná sin má tá na foirgnimh, na dromchlaí agus an trealamh triomaithe amach go hiomlán tar éis na gníomhaíochtaí a cheanglaítear i gcomhréir le pointe 2 a chur i gcrích, ní mór na bunaíochtaí a ghlanadh agus a dhíghalrú arís.’;

4. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinní V, VI agus VII:

‘*IARSCRÍBHINN V*

**GA ÍOSTA NA gCRIOSANNA COSANTA AGUS FAIREACHAIS**

(dá dtagraítear in Airteagal 21)

Léirithe mar gha ciorcail i lár na bunaíochta

| Galair chatagóir A | Crios Cosanta | Crios Faireachais |
|---|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| Galar crúb agus béil | 3 km | 10 km |
| Ionfhabhtú le víreas phlá na mbó | 4 km | 10 km |
| Heipitíteas eansótach | 20 km | 50 km |
| Galar an chraicinn chnapánaigh | 20 km | 50 km |
| Ionfhabhtú le *Mycoplasma mycoides* subsp. *mycoides* SC (Pliúrainiúmóine tógálach buaibheach) | 1 km | 3 km |
| Bolgach caorach agus bolgach gabhar | 5 km | 20 km |
| Ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag | 5 km | 20 km |
| Pliúrainiúmóine tógálach gabhar | 1 km | 3 km |
| Tinneas Afracach eachaí | 100 km | 150 km |
| *Ionfhabhtú le Burkholderia mallei* (Fothach) | Bunaíocht | Bunaíocht |
| Fiabhras na muc | 3 km | 10 km |
| Fiabhras Afracach na muc | 3 km | 10 km |
| Fliú éanúil ardphataigineach | 3 km | 10 km |
| Ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle | 3 km | 10 km |

*IARSCRÍBHINN VI*

## TOIRMISC SA CHRIOS SRIANTA

(dá dtagraítear in Airteagal 27)

**Tábla:** Toirmisc ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le hainmhithe de speicis liostaithe agus táirgí díobh

| TOIRMISC AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE hAINMHITHE AGUS TÁIRGÍ A BHAINEANN LE GALAIR CHATAGÓIR A[1] | GCB | PB | VFGC | GCC | PTB | BCBG | PAB | PTG | FM | FAM | TAE | FOTHACH | FEA | GN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gluaiseachtaí ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe ó bhunaíochtaí sa chrios srianta | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | NB | X | X |
| Gluaiseachtaí ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe chuig bunaíochtaí sa chrios srianta | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | NB | X | X |
| Athstocáil ainmhithe géime de speicis liostaithe | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | NB | X | X |
| Aonaigh, margaí, seónna agus cruinnithe eile ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe lena n-áirítear bailiú agus scaipeadh na speiceas sin | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | NB | X | X |
| Gluaiseachtaí de sheamhan, d'úicítí, agus de shuthanna a fhaightear ó ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe ó bhunaíochtaí sa chrios srianta | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | NB | NB | NB |
| Bailiú seamhain, úicítí agus suthanna ó ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | NT | NB | NB | NB |
| Inseamhnú saorga ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe, faoi stiúir an oifigigh thaistil | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | NB | NB | NB |
| Cúpláil taistil nádúrtha chun ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe a phórú | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | NB | NB | NB |

[1] Giorrúcháin le haghaidh ghalair Chatagóir A i gcomhréir le hIarscríbhinn II

| | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gluaiseachtaí uibheacha goir chuig bunaíochtaí sa chrios srianta agus uathu | | NB | NB | NB | NB | NB | NB | NB | NB | NB | NB | NB | NB | X | X |
| Gluaiseachtaí feola úire cé is moite de scairteach ó ainmhithe ar coimeád agus ó ainmhithe fiáine de speicis liostaithe ó sheamlais nó ó bhunaíochtaí bunaíocht láimhseála géime sa chrios srianta | | X | X | X | NT | NT | NT | X | NT | X | X | NT | NB | X | X |
| Gluaiseachtaí scairteach ó ainmhithe ar coimeád agus ó ainmhithe fiáine de speicis liostaithe ó sheamlais nó ó bhunaíochtaí láimhseála géime sa chrios srianta | | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | NT | NB | X | X |
| Gluaiseachtaí táirgí ainmhithe a fhaightear ó speicis liostaithe ó bhunaíochtaí sa chrios srianta | | X | X | X | NT | NT | NT | X | NT | X | X | NT | NB | X | X |
| Gluaiseachtaí de bhainne amh agus de ghruth buí a fhaightear ó ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe ó bhunaíochtaí sa chrios srianta | | X | X | X | X | NT | X | X | NT | NB | NB | NT | NB | NB | NB |
| Gluaiseachtaí de tháirgí déiríochta agus táirgí bunaithe ar ghruth buí ó bhunaíochtaí sa chrios srianta | | X | X | X | NT | NT | NT | X | NT | NB | NB | NT | NB | NB | NB |
| Gluaiseachtaí uibheacha lena gcaitheamh ag an duine ó bhunaíochtaí sa chrios srianta | | NB | NB | NB | NB | NB | NB | NB | NB | NB | NB | NB | NB | X | X |
| Gluaiseachtaí seachtháirgí ainmhithe ó ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe ó bhunaíochtaí sa chrios srianta, cé is moite de chabhlacha iomlána nó codanna d’ainmhithe marbha | Aoileach, lena n-áirítear easair úsáidte | X | X | X | X | NT | X | X | NT | X | X | NT | NB | X | X |
| | Seithí, craicne, olann, guairí, agus cleití | X | X | NT | X | NT | X | X | NT | X | X | NT | NB | X | X |
| | Seachtháirgí ainmhithe seachas aoileach, lena n-áirítear easair úsáidte, agus cé is moite de sheithí, craicne, olann, cleití agus cleití | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | NT | NB | X | X |
| Gluaiseacht ábhar beatha de bhunadh plandaí agus tuí a fhaightear sa chrios srianta | | X | X | NT | NT | NT | NT | NT | NT | NT | NT | NT | NB | NT | NT. |

NB = Ní bhaineann le hábhar

X = Toirmeasc

NT = Ní thoirmisctear

*IARSCRÍBHINN VII*

**Cuid I**

**CÓIREÁLACHA MAOLAITHE RIOSCA LE hAGHAIDH TÁIRGÍ DE BHUNADH AINMHÍOCH ÓN gCRIOS SRIANTA**

(dá dtagraítear in Airteagail 27, 33 agus 49)

1. **Cóireálacha le haghaidh an ghalair crúb agus béil**

**Feoil**

Cóireáil teasa i gcoimeádán séalaithe go heirméiteach chun íosluach $F_0$ * 3 a bhaint amach;

Cóireáil teasa chun lár-theocht 80 C a bhaint amach;

Cóireáil teasa chun lár-theocht 70 °C a bhaint amach ar feadh 30 nóiméad ar a laghad;

Cóireáil teasa i gcoimeádán séalaithe go heirméiteach, ag cur 60 °C ar a laghad i bhfeidhm ar feadh 4 uair an chloig ar a laghad;

Coipeadh agus aibiú nádúrtha ar feadh íostréimhse 9 mí, chun uasluachanna Aw 0,93 agus pH 6 a bhaint amach ar fud an táirge;

Triomú tar éis sailleadh ar feadh íostréimhse 182 lá, i gcás feoil mhucúil amháin.

**Cásálacha**

Sailleadh le clóiríd sóidiam (NaCl) iad, bídís tirim nó mar sháile sáithithe (Aw< 0,80), ar feadh tréimhse leanúnach 30 lá nó níos faide, ag teocht chomhthimpeallach 20 °C nó os a cionn;

Sailleadh le salann arna fhorlíonadh le fosfáit ina bhfuil 86,5 % NaCl, 10,7 % Na2HPO4 agus 2,8 % Na3PO4 bídís tirim nó mar sháile sáithithe (Aw< 0,80), ar feadh tréimhse leanúnach 30 lá nó níos faide, ag teocht 20 C nó os a cionn.

**Bainne**

Cóireáil teasa, is é sin próiseas steirilithe, chun íosluach $F_0$ 3 a bhaint amach;

Cóireáil teasa Teocht Ultra-Ard ag 132 °C ar a laghad ar feadh soicind amháin ar a laghad;

Má tá pH an bhainne níos ísle ná 7, an chóireáil teasa Paistéaradh ardteochta gearrthréimhse (HTST) ag 72 °C ar a laghad ar feadh 15 shoicind ar a laghad;

Má tá pH an bhainne 7 nó níos airde, an chóireáil teasa paistéaradh HTST ag 72 °C ar a laghad ar feadh 15 shoicind ar a laghad, á chur i bhfeidhm faoi dhó;

An chóireáil teasa paistéaradh HTST ag 72 °C ar a laghad in éineacht le cóireáil fhisiceach chun luach pH faoi bhun 6 a bhaint amach ar feadh uair an chloig ar a laghad;

An chóireáil teasa paistéaradh HTST ag 72 °C ar a laghad in éineacht le triomú.

2. **Cóireálacha le haghaidh Phlá na mbó**

Níl aon chóireáil maolaithe riosca ann le haghaidh phlá na mbó.

3. **Cóireálacha le haghaidh heipitíteas eansótach**

**Feoil gan scairteach**

Aibiú conablach ag íosteocht 2 °C ar feadh 24 uair ar a laghad tar éis a maraithe.

**Scairteach agus feoil ó chonablaigh nach bhfuil aibithe**

Cóireáil teasa i gcoimeádán séalaithe go heirméiteach chun íosluach $F_0$ * 3 a bhaint amach.

**Bainne**

Cóireáil teasa, is é sin próiseas steirilithe, chun íosluach $F_0$ 3 a bhaint amach;

An chóireáil teasa Paistéaradh ardteochta gearrthréimhse (HTST) ag 72 °C ar a laghad ar feadh 15 shoicind ar a laghad.

4. **<u>Cóireálacha le haghaidh ghalar an chraicinn chnapánaigh</u>**

**Scairteach**

Cóireáil teasa i gcoimeádán séalaithe go heirméiteach chun íosluach $F_0$ * 3 a bhaint amach.

**Cásálacha**

Tráchtearra sábháilte.

**Bainne**

Cóireáil teasa, is é sin próiseas steirilithe, chun íosluach $F_0$ 3 a bhaint amach;

Cóireáil teasa Teocht Ultra-Ard ag 132 °C ar a laghad ar feadh soicind amháin ar a laghad;

An chóireáil teasa Paistéaradh ardteochta gearrthréimhse (paistéaradh HTST) ag 72 °C ar a laghad ar feadh 15 shoicind ar a laghad;

Cóireáil chun luach pH faoi bhun 6 a bhaint amach ar feadh uair an chloig ar a laghad.

5. **<u>Cóireálacha le haghaidh pliúrainiúmóine tógálach buaibheach</u>**

**Scairteach**

Cóireáil teasa i gcoimeádán séalaithe go heirméiteach chun íosluach $F_0$ * 3 a bhaint amach.

6. **<u>Cóireálacha le haghaidh Bolgach Caorach agus Bolgach Gabhar</u>**

**Scairteach**

Cóireáil teasa i gcoimeádán séalaithe go heirméiteach chun íosluach $F_0$ * 3 a bhaint amach.

**Bainne**

Cóireáil teasa, is é sin próiseas steirilithe, chun íosluach $F_0$ 3 a bhaint amach;

Cóireáil teasa Teocht Ultra-Ard ag 132 °C ar a laghad ar feadh soicind amháin ar a laghad;

An chóireáil teasa Paistéaradh ardteochta gearrthréimhse (paistéaradh HTST) ag 72 °C ar a laghad ar feadh 15 shoicind ar a laghad;

Cóireáil chun luach pH faoi bhun 6 a bhaint amach ar feadh uair an chloig ar a laghad.

7. **<u>Cóireálacha le haghaidh ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag</u>**

**Feoil**

Cóireáil teasa i gcoimeádán séalaithe go heirméiteach chun íosluach $F_0$ * 3 a bhaint amach;

Cóireáil teasa chun lár-theocht 80 C a bhaint amach;

Cóireáil teasa chun lár-theocht 70 °C a bhaint amach ar feadh 30 nóiméad ar a laghad;

Cóireáil teasa chun lár-theocht 65 C a bhaint amach ar feadh tréimhse chun íosluach paistéaracháin 40 a bhaint amach;

Cóireáil teasa i gcoimeádán séalaithe go heirméiteach, ag cur 60 °C ar a laghad i bhfeidhm ar feadh 4 uair an chloig ar a laghad.

**Cásálacha**

Sailleadh le clóiríd sóidiam (NaCl) iad, bídís tirim nó mar sháile sáithithe (Aw< 0,80), ar feadh tréimhse leanúnach 30 lá nó níos faide, ag teocht chomhthimpeallach 20 °C nó os a cionn;

Sailleadh le salann arna fhorlíonadh le fosfáit ina bhfuil 86,5 % NaCl, 10,7 % Na2HPO4 agus 2,8 % Na3PO4 bídís tirim nó mar sháile sáithithe (Aw< 0,80), ar feadh tréimhse leanúnach 30 lá nó níos faide, ag teocht 20 C nó os a cionn.

**Bainne**

Cóireáil teasa, is é sin próiseas steirilithe, chun íosluach $F_0$ 3 a bhaint amach;

Cóireáil teasa Teocht Ultra-Ard ag 132 °C ar a laghad ar feadh soicind amháin ar a laghad;

Má tá pH an bhainne níos ísle ná 7, an chóireáil teasa Paistéaradh ardteochta gearrthréimhse (HTST) ag 72 °C ar a laghad ar feadh 15 shoicind ar a laghad;

Má tá pH an bhainne 7 nó níos airde, an chóireáil teasa paistéaradh HTST ag 72 °C ar a laghad ar feadh 15 shoicind ar a laghad, á chur i bhfeidhm faoi dhó;

An chóireáil teasa paistéaradh HTST ag 72 °C ar a laghad in éineacht le cóireáil fhisiceach chun luach pH faoi bhun 6 a bhaint amach ar feadh uair an chloig ar a laghad;

An chóireáil teasa paistéaradh HTST ag 72 °C ar a laghad in éineacht le triomú.

8. **<u>Cóireálacha le haghaidh pliúrainiúmóine tógálach gabhar</u>**

**Scairteach**

Cóireáil teasa i gcoimeádán séalaithe go heirméiteach chun íosluach $F_0$ * 3 a bhaint amach.

9. **<u>Cóireálacha d'fhiabhras na muc</u>**

**Feoil**

Cóireáil teasa i gcoimeádán séalaithe go heirméiteach chun íosluach $F_0$ * 3 a bhaint amach;

Cóireáil teasa chun lár-theocht 80 C a bhaint amach;

Cóireáil teasa chun lár-theocht 70 °C a bhaint amach ar feadh 30 nóiméad ar a laghad;

Cóireáil teasa i gcoimeádán séalaithe go heirméiteach, ag cur 60 °C ar a laghad i bhfeidhm ar feadh 4 uair an chloig ar a laghad;

Coipeadh nádúrtha agus aibiú ar feadh íostréimhse 9 mí, (seachas luanta: íostréimhse 140 lá agus le haghaidh liamhás: íostréimhse 190 lá), chun uasluachanna Aw 0,93 agus pH 6 a bhaint amach;

Triomú tar éis sailleadh ar feadh íostréimhse 182 lá.

**Cásálacha**

Sailleadh le clóiríd sóidiam (NaCl) iad, bidís tirim nó mar sháile sáithithe (Aw< 0,80), ar feadh tréimhse leanúnach 30 lá nó níos faide, ag teocht chomhthimpeallach 20 °C nó os a cionn;

Sailleadh le salann arna fhorlíonadh le fosfáit ina bhfuil 86,5 % NaCl, 10,7 % Na2HPO4 agus 2,8 % Na3PO4 bidís tirim nó mar sháile sáithithe (Aw< 0,80), ar feadh tréimhse leanúnach 30 lá nó níos faide, ag teocht 20 C nó os a cionn;

Chuir sailleadh le ciotráit salann 89,2 % NaCl, 8,9 % déhiodráit chiotráite tríshóidiam agus 1,9 % monaihiodráit aigéid chitrigh (wt/w/wt) le pH 4,5, ar feadh tréimhse leanúnach 30 lá nó níos faide ag teocht chomhthimpeallach 20 °C nó os a chionn.

**10.** **<u>Cóireálacha le haghaidh fhiabhras Afracach na muc</u>**

**Feoil**

Cóireáil teasa i gcoimeádán séalaithe go heirméiteach chun íosluach $F_0$ * 3 a bhaint amach;

Cóireáil teasa chun lár-theocht 80 C a bhaint amach;

Cóireáil teasa chun lár-theocht 70 °C ar a laghad a bhaint amach ar feadh 30 nóiméad ar a laghad;

Cóireáil teasa i gcoimeádán séalaithe go heirméiteach, ag cur 60 °C ar a laghad i bhfeidhm ar feadh 4 uair an chloig ar a laghad;

Maidir le feoil dhíchnámhaithe, coipeadh nádúrtha agus aibiú ar feadh íostréimhse 9 mí (seachas luanta: 140 lá ar a laghad agus le haghaidh liamhás: íostréimhse 190 lá), chun uasluachanna Aw 0,93 agus pH 6 a bhaint amach;

Triomú tar éis sailleadh ar feadh íostréimhse 182 lá.

**Cásálacha**

Sailleadh le clóiríd sóidiam (NaCl) iad, bidís tirim nó mar sháile sáithithe (Aw< 0,80), ar feadh tréimhse leanúnach 30 lá nó níos faide, ag teocht chomhthimpeallach 20 °C nó os a cionn;

Sailleadh le salann arna fhorlíonadh le fosfáit ina bhfuil 86,5 % NaCl, 10,7 % Na2HPO4 agus 2,8 % Na3PO4 bidís tirim nó mar sháile sáithithe (Aw< 0,80), ar feadh tréimhse leanúnach 30 lá nó níos faide, ag teocht 20 C nó os a cionn.

**11.** **<u>Cóireálacha le haghaidh tinneas Afracach eachaí</u>**

Is tráchtearraí sábháilte iad feoil, cásálacha agus bainne.

**12.** **<u>Cóireálacha le haghaidh fliú éanúil ardphataigineach</u>**

**Feoil**

Cóireáil teasa i gcoimeádán séalaithe go heirméiteach chun íosluach $F_0$ * 3 a bhaint amach;

Cóireáil teasa chun lár-theocht 70 C a bhaint amach;

Cóireáil teasa chun lár-theocht 65,0 °C ar a laghad a bhaint amach ar feadh 42 shoicind ar a laghad;

Cóireáil teasa chun lár-theocht 60 °C ar a laghad a bhaint amach ar feadh 507 soicind ar a laghad.

**Uibheacha**

Cóireáil teasa, lena mbaineann teochtaí ag croílár an táirge ag an luach sonraithe ar a laghad ar feadh na tréimhse a shonraítear:

Ubh iomlán:

– Cócaráilte go hiomlán;

– 60 °C - 188 soicind.

Cumaisc uibheacha iomlána:

– Cócaráilte go hiomlán;

– 61,1 °C - 94 shoicind;

– 60 °C - 188 soicind.

Gealacán uibhe leachtach:

– 56,7 °C - 232 shoicind;

– 55,6 °C - 870 soicind.

Buíocán uibhe pléineáilte nó íon:

– 60 °C - 288 soicind.

Buíocán saillte 10 %:

– 62,2 °C - 138 soicind.

Gealacán uibhe triomaithe:

– 67 °C - 20 uair an chloig;

– 54,4 °C - 513 uair an chloig.

**13. <u>Cóireálacha le haghaidh ghalar Newcastle</u>**

**Feoil**

Cóireáil teasa i gcoimeádán séalaithe go heirméiteach chun íosluach $F_0$ * 3 a bhaint amach;

Cóireáil teasa chun lár-theocht 70 C a bhaint amach;

Cóireáil teasa chun lár-theocht 60 °C a bhaint amach ar feadh 507 soicind ar a laghad;

Cóireáil teasa chun lár-theocht 57,8 °C a bhaint amach ar feadh 63 nóiméad agus 18 soicind ar a laghad.

**Uibheacha**

Cóireáil teasa, lena mbaineann teochtaí ag croílár an táirge ag an luach sonraithe ar a laghad ar feadh na tréimhse a shonraítear:

Ubh iomlán:

– Cócaráilte go hiomlán;

– 59 °C - 674 shoicind;

– 57 °C - 1 596 shoicind;

– 55 °C - 2 521 soicind.

Ubh threisithe:

– 62,2 °C - 3 nóiméad agus 30 soicind;

– 61,1 °C - 6 nóiméad agus 12 shoicind.

Ubh shiúcraithe/shaillte:

– 63,3 °C - 3 nóiméad agus 30 soicind;

– 62,2 °C - 6 nóiméad agus 12 shoicind.

Gealacán uibhe leachtach:

– 59 °C - 301 shoicind;

– 57 °C - 986 shoicind;

– 55 °C - 2 278 soicind.

Buíocán uibhe pléineáilte nó íon:

– 61,1 °C - 3 nóiméad agus 30 soicind;

– 60 °C - 6 nóiméad agus 12 shoicind.

Buíocán uibhe saillte 10 %:

– 55 °C - 176 soicind.

Gealacán uibhe triomaithe:

– 57 °C - 50 uair an chloig agus 24 nóiméad.

* Is é $F_0$ an éifeacht mharfach a ríomhtar ar spóir bhaictéaracha. Ciallaíonn luach $F_0$ 3 go ndearnadh an pointe is fuaire den táirge a théamh go leordhóthanach chun an éifeacht mharfach chéanna le luach 121 °C (250°F) a bhaint amach laistigh de 3 nóiméad le teas agus fuacht meandarach.

## Cuid II

## MODHANNA CHUN MAOLÚ A DHÉANAMH AR AN RIOSCA GO LEATHFADH CATAGÓIR GALAR LE hAGHAIDH SEACHTHÁIRGÍ AINMHITHE AGUS TÁIRGÍ DÍORTHAITHE ÓN gCRIOS SRIANTA

(dá dtagraítear in Airteagail 27, 35, 37, 51 agus 53)

Na modhanna seo a leanas le haghaidh cóireála, trasfhoirmithe nó próiseála, mar a thuairiscítear sna Caibidlí agus sna hIarscríbhinní a leanas de Rialachán (AE) Uimh. 142/2011:

1. Táirgí díorthaithe a phróiseáil trí mhodhanna próiseála caighdeánacha 1 go 5, dá dtagraítear i gCaibidil III d'Iarscríbhinn IV.

2. Claochlú nó múiríniú trí pharaiméadair chaighdeánacha chlaochlaithe maidir le claochlú bithgháis nó múiríniú, dá dtagraítear in Iarscríbhinn V, Caibidil III, Roinn 1.

3. Cóireáil teasa dhúbailte chun táirgí a dhíorthaítear ó bhainne nó atá bunaithe ar bhainne a phróiseáil, dá dtagraítear in Iarscríbhinn X, Caibidil II, Roinn 4, Cuid 1, pointe B.

4. Cóireáil teasa chun aoileach a phróiseáil, dá dtagraítear in Iarscríbhinn XI, Caibidil I, Roinn 2, pointe (b).

5. Cóireáil teasa chun bia peataí a mhonarú (is é sin bia peataí próiseáilte, ábhar coganta do mhadraí agus putóga blaistithe) dá dtagraítear in Iarscríbhinn XIII, Caibidil II, pointe 3(a) agus pointe 3(b)(i), (ii) agus (iii).

6. Táirgí fola ó eachainmhithe a chóireáil le ceann de na cóireálacha agus seiceáil éifeachtachta ina dhiaidh sin, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII, Caibidil IV, pointe 2(b)(ii).

7. Cóireáil seithí agus craicne, dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, pointe 28; agus próiseáil seithí agus craicne, dá dtagraítear in Iarscríbhinn XIII, Caibidil V, pointe C2.

8. Cóireáil nó próiseáil trófaithe géim, dá dtagraítear in Iarscríbhinn XIII, Caibidil VI, pointe C.

9. Guairí muc a chóireáil, dá dtagraítear in Iarscríbhinn XIII, Caibidil VII, pointe A2(a).

10. Olann agus fionnadh a chóireáil, dá dtagraítear in Iarscríbhinn XIII, Caibidil VII, pointe B, an tríú fomhír.

11. Cóireáil le haghaidh cleití agus clúmh, dá dtagraítear in Iarscríbhinn XIII, Caibidil VII, pointe C.

12. Próiseáil na ndíorthach saille, dá dtagraítear in Iarscríbhinn XIII, Caibidil XI, pointí 1 agus 2.';

5. in IARSCRÍBHINN VIII, sa tábla, sa chéad cholún, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa tríú ró:

'Stóráil i bpacáiste nó burlaí faoi dhídean in áitreabh nach bhfuil níos gaire ná 2 km don ráig is gaire agus ní scaoilfear na hábhair bheatha de bhunadh plandaí agus tuí ón áitreabh sula mbeidh 4 mhí ar a laghad caite tar éis an glanadh agus an díghalrú a chur i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 15.';

6. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinní IX, X agus XI:

'*IARSCRÍBHINN IX*

**MARCÁIL FEOLA ÚIRE ÓN gCRIOS SRIANTA**

**(Marcanna speisialta sláinte nó aitheantais)**

(dá dtagraítear in Airteagal 33 agus in Airteagal 49)

1. Is é an marc aitheantais speisialta a bheidh le cur ar fheoil úr éanlaithe clóis de thionscnamh an chreasa cosanta agus nach bhfuil beartaithe do Bhallstát eile dá dtagraítear in Airteagal 33(1), pointe (b), den Rialachán seo an marc aitheantais dá bhforáiltear in Airteagal 5(1), pointe (b), de Rialachán (CE)

Uimh. 853/2004, le dhá líne chomhthreomhara thrasnánacha bhreise a chuirfidh ar chumas na faisnéise atá air fanacht go hiomlán inléite.

2. Is éard a bheidh sa mharc sláinte speisialta nó, i gcás inarb ábhartha, sa mharc aitheantais speisialta atá le cur ar fheoil úr atá beartaithe lena cóireáil i mbunaíocht phróiseála i gcomhréir le hAirteagal 33(2), pointe (a), agus Airteagal 49(2), pointe (a), den Rialachán seo, an marc sláinte dá bhforáiltear in Airteagal 48 agus in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 nó, i gcás inarb ábhartha, an marc aitheantais dá bhforáiltear i Roinn I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, le cros thrasnánach bhreise arb é atá ann dhá líne dhíreacha a thrasnaíonn i lár an stampa agus a chuirfidh ar chumas na faisnéise air fanacht go hiomlán inléite.

*IARSCRÍBHINN X*

**FAD NA mBEART SA CHRIOS COSANTA**

(dá dtagraítear in Airteagal 39)

| **Galair chatagóir A** | **Íostréimhse na mbeart sa chrios cosanta** **(Airteagal 39(1))** | **Tréimhse bhreise d'fhad na mbeart faireachais sa chrios cosanta** **(Airteagal 39(3))** |
|---|---|---|
| Galar crúb agus béil | 15 lá | 15 lá |
| Ionfhabhtú le víreas phlá na mbó | 21 lá | 9 lá |
| Heipitíteas eansótach | 30 lá | 15 lá |
| Galar an chraicinn chnapánaigh | 28 lá | 17 lá |
| Ionfhabhtú le *Mycoplasma mycoides* subsp. *mycoides* SC (Pliúrainiúmóine tógálach buaibheach) | 90 lá | Ní bhaineann le hábhar |
| Bolgach caorach agus bolgach gabhar | 21 lá | 9 lá |
| Ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag | 21 lá | 12 lá |
| Pliúrainiúmóine tógálach gabhar | 45 lá | Ní bhaineann le hábhar |
| Tinneas Afracach eachaí | 12 mhí | Ní bhaineann le hábhar |
| *Ionfhabhtú le Burkholderia mallei* (Fothach) | 6 mhí | Ní bhaineann le hábhar |
| Fiabhras na muc | 25 lá | 15 lá |
| Fiabhras Afracach na muc | 15 lá | 15 lá |
| Fliú éanúil ardphataigineach | 21 lá | 9 lá |
| Ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle | 21 lá | 9 lá |

*IARSCRÍBHINN XI*

**FAD NA mBEART SA CHRIOS FAIREACHAIS**

(dá dtagraítear in Airteagail 55 agus 56)

| Galair chatagóir A | Íostréimhse na mbeart sa chrios faireachais |
|---|---|
| Galar crúb agus béil | 30 lá |
| Ionfhabhtú le víreas phlá na mbó | 30 lá |
| Heipitíteas eansótach | 45 lá |
| Galar an chraicinn chnapánaigh | 45 lá |
| Ionfhabhtú le *Mycoplasma mycoides* subsp. *mycoides* SC (Pliúrainiúmóine tógálach buaibheach) | 90 lá |
| Bolgach caorach agus bolgach gabhar | 30 lá |
| Ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag | 33 lá |
| Pliúrainiúmóine tógálach gabhar | 45 lá |
| Tinneas Afracach eachaí | 12 mhí |
| *Ionfhabhtú le Burkholderia mallei* (Fothach) | Ní bhaineann le hábhar |
| Fiabhras na muc | 40 lá |
| Fiabhras Afracach na muc | 30 lá |
| Fliú éanúil ardphataigineach | 30 lá |
| Ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle | 30 lá |

‘;

7. in IARSCRÍBHINN XII, i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

‘(a) ní mór na nithe seo a leanas a áireamh sa scrúdú cliniciúil agus sa tsampláil le haghaidh scrúduithe saotharlainne, de réir mar is ábhartha:

(i) ainmhithe dobharshaothraithe de speicis liostaithe a léiríonn comharthaí cliniciúla den ghalar ábhartha de chatagóir A;

(ii) ainmhithe dobharshaothraithe ar dócha go bhfuair siad bás le déanaí de dheasca an ghalair amhrasta nó deimhnithe de chatagóir A;

(iii) ainmhithe dobharshaothraithe a bhfuil amhras fúthu go bhfuil siad ionfhabhtaithe le galar Chatagóir A;

(b) leagtar amach sa tábla seo a leanas an t-íoslíon samplaí nach mór a bhailiú:

| | Cás | | |
|---|---|---|---|
| **Cineál ainmhithe** | **Tuairisc ar bhásmhaireacht mhéadaithe** | **Comharthaí iarbháis nó cliniciúla a tugadh faoi deara** | **Amhras bunaithe ar nasc eipidéimeolaíoch nó ar imthosca eile** |
| Moilisc (an t-ainmhí iomlán) | 30 | — | 150 |
| Crústaigh | 30 | 10 | 150 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Iasc | 30 | 10 | 150 |

';

8. in IARSCRÍBHINN XV, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Tábla 2:

'Tábla 2

1. Scéim shonrach faireachais lena gcuimsítear cuairteanna sláinte agus sampláil i mbunaíochtaí le haghaidh neacróis fhuilghinte eipeasótach (EHN) in ainmhithe dobharshaothraithe (1)

| Cineál bunaíochta | An líon cuairteanna sláinte in aghaidh na bliana | An líon samplálacha in aghaidh na bliana | An líon éisc sa sampla | |
|---|---|---|---|---|
| | | | An líon éisc atá ag fás | An líon stoic goir (2) |
| (a) Bunaíochtaí ina bhfuil stoc goir | 2 | 2 | 150 (an chéad chuairt agus an dara cuairt) | 150 (an chéad chuairt nó an dara cuairt) |
| (b) Bunaíochtaí nach bhfuil acu ach stoc goir | 2 | 1 | 0 | 150 (an chéad chuairt nó an dara cuairt) |
| (c) Bunaíochtaí gan stoc goir | 2 | 2 | 150 (an chéad chuairt agus an dara cuairt) | 0 |
| An líon uasta éisc in aghaidh an chomhthiomsaithe: 10 | | | | |

(1) Ní mór sampláil éisc le haghaidh scrúdú saotharlainne a dhéanamh aon uair a bhíonn teocht an uisce idir 11 agus 20 °C. Ní mór feidhm a bheith ag an gceanglas maidir le teocht an uisce maidir le cuairteanna sláinte freisin. I mbunaíochtaí nach sroicheann teocht an uisce 11 °C iontu le linn na bliana, ní mór sampláil agus cuairteanna sláinte a dhéanamh nuair a bhíonn teocht an uisce ag an leibhéal is airde.

(2) Níor cheart sreabháin ghónadacha, lábáin ná ubháin a áireamh i samplaí ó stoc goir toisc nach bhfuil aon fhianaise ann go bhfuil EHN ina chúis le hionfhabhtú ar an gcóras atáirgthe.

2. Fad na mbeart rialaithe sa chrios faireachais

| Galar chatagóir A | Íostréimhsí faireachais |
|---|---|
| Ionfhabhtú le *Microcytos mackini* | 3 bliana |
| Ionfhabhtú le *Perkinsus marinus* | 3 bliana |
| Ionfhabhtú le víreas shiondróm Taura | 2 bliana |
| Ionfhabhtú le víreas an tsiondróim cloiginn bhuí | 2 bliana |
| Neacróis fhuilghinte eipeasótach | 2 bliana |

'.